Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6748/25**

**FISC 44**
**ECOFIN 232**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Márta 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6703/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 11 Márta 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí maidir le clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4084ú cruinniú a bhí aici an 11 Márta 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé iomaíochas an Aontais a mhéadú trí ualaí riaracháin a laghdú agus trí chinnteacht a mhéadú chun fás agus nuálaíocht a chothú agus timpeallacht éifeachtúil tharraingteach a áirithiú chun gnó a dhéanamh sa Mhargadh Aonair.
2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil a thíolaic Mario Draghi dar teideal *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], ina leagtar béim ar an ngá atá le táirgiúlacht na hEorpa a fheabhsú chun iomaíochas a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an Margadh Aonair a dhoimhniú. MEABHRAÍTEAR DI Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa 2024 inar iarradh 'Réabhlóid simpliúcháin a sheoladh lena n-áiritheofar creat rialála soiléir, simplí agus cliste do ghnólachtaí agus lena ndéanfar laghdú suntasach ar ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe, go háirithe do FBManna'.[1]
3. LEAGANN SÍ BÉIM AR A BHUNRIACHTANAÍ ATÁ feidhmiú an Mhargaidh Aonair don iomaíochas agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurbh fhiú tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfaí feabhas a chur ar chreat rialála cánach an Aontais chun fás agus nuálaíocht a chothú agus timpeallacht éifeachtúil tharraingteach a áirithiú.
4. IS DÍOL SÁSAIMH DI clár oibre simpliúcháin an Aontais agus measann sí gur cheart díthrangláil *acquis* an Aontais i réimse an chánachais a bheith mar chuid den chlár oibre sin i gcoitinne. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC) agus an mheastóireacht ar an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (ATAD).

[1] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/

5. MEABHRAÍTEAR DI an méid tábhachtach atá bainte amach i réimse an chánachais san Aontas agus sna Ballstáit le blianta beaga anuas, lenar cruthaíodh uirlisí tábhachtacha ar leibhéal an Aontais chun tacú le húdaráis chánach na mBallstát agus faisnéis chánach á malartú acu chun ioncam cánach a chosaint, nósanna imeachta a chuíchóiriú agus bailiú cánach a fheabhsú, cur chuige comhleanúnach comhsheasmhach a áirithiú i gcoinne seachaint cánach ar fud an Mhargaidh Aonair, agus cothrom na Féinne a thabhairt do ghnólachtaí, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát a mboinn chánach a chosaint ar bhealach níos fearr.

6. Cé go bhfuil a gcuspóirí á gcomhlíonadh ag na rialacha cánach a tugadh isteach sa réimse sin, AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí creat rialála cánach reatha an Aontais a dhíthrangláil agus go bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar ualaí riaracháin agus tuairiscithe dúblacha nó díréireacha áirithe ar chuideachtaí agus ar riaracháin chánach sa Mhargadh Aonair, lena n- áirítear i gcomhthéacs chlár oibre níos leithne an Aontais maidir le simpliú, agus an cleachtadh díthrangláala atá á fhorbairt faoi láthair ag ECFE á chur san áireamh freisin, i gcás inarb iomchuí, ar bhealach tráthúil.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart é a bheith d’aidhm ag na hiarrachtaí atá ar bun chun an chastacht a laghdú na mórghníomhartha a bhfuil rath orthu ar leibhéal an Aontais a chaomhnú ó thaobh calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac.

8. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É, i gcomhthéacs an tsimplithe agus na díthrangláala cánach, gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar *acquis* an Aontais i réimse an chánachais d’fhonn na rialacha atá ann cheana a shimpliú agus na hualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe ar ghnólachtaí agus údaráis chánach araon a laghdú, chun an t-iomaíochas a fheabhsú, agus an leibhéal cosanta i gcoinne na calaoise cánach agus na pleanála ionsaithí cánach á chaomhnú ag an am céanna. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an t-athbhreithniú ar chreat reachtach an Aontais atá ann cheana i réimse an chánachais, agus ar thionscnaimh chánach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, a bhunú ar cheithre phrionsabal: (1) an t-ualach tuairiscithe, riaracháin agus rialála atá ar riaracháin agus cáiníocóirí na mBallstát a laghdú, (2) deireadh a chur le rialacha cánach atá as dáta agus a bhfuil forluí eatarthu agus, i gcás inarb ábhartha, (3) soiléireacht na reachtaíochta cánach a mhéadú, agus (4) cur i bhfeidhm rialacha cánach, nósanna imeachta cánach agus ceanglais tuairiscithe cánach a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE chun an t-ualach riaracháin agus comhlíontachta atá ar riaracháin agus cáiníocóirí na mBallstát a laghdú, gur cheart é a bheith d'aidhm le laghdú na n-oibleagáidí tuairiscithe deireadh a chur le hoibleagáidí nach bhfuil gá leo agus costais dhíréireacha chur chun feidhme a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart tuairisciú agus tuairisciú iolrach sonraí a bhfuil breisluach íseal faisnéise ag baint leo a sheachaint. Ba cheart deireadh a chur le rialacha cánach atá as dáta agus a bhfuil forluí eatarthu trí athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha reachtacha lena saothraítear cuspóirí comhchosúla a bhaint amach agus a d'fhéadfaí a mheas, dá bhrí sin, a bheith iomarcach. Ach cur i bhfeidhm rialacha cánach an Aontais a shimpliú, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach araon, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na rialacha a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, lena n-áiritheofaí cothrom iomaíochta agus, ar an gcaoi sin, lena bhfeabhsófaí éifeachtúlacht, agus an deis a bheith ann fós aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí nó neamhéifeachtúlachtaí sainaitheanta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú Mhargadh Aonair an Aontais.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, i réimse an chánachais, an simpliú agus an díthrangláil a dhéanamh agus é á urramú go bhfuil, ceal rialacha ar leibhéal an Aontais, an cánachas faoi inniúlacht na mBallstát i gcónaí.

11. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É coincheap an tsimplithe agus na díthrangklála cánach a chur i bhfeidhm maidir le gach togra reachtach AE a bheidh ann amach anseo i réimse an chánachais. Ós amhlaidh atá, is riachtanach aon togra reachtach nach bhfuil gá leis atá díréireach a sheachaint a bhféadfadh gníomhaíocht reachtach chostasach neamhchonclúideach teacht as. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnuithe tionchair a dhéanamh laistigh de na rialacha atá ann cheana agus a gcáilíocht a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm thástálacha FBManna a neartú agus trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh ar iomaíochas an Aontais. IARRANN sí ar an gCoimisiún anailís shonrach maidir leis an rannchuidiú leis an gclár oibre um shimpliú agus díthrangláil chánach a chur san áireamh sna measúnuithe tionchair lena mbaineann.

12. LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ, le simpliú agus díthrangláil i gcúrsaí cánachais, anailís chríochnúil a dhéanamh ar chreat reachtach an Aontais agus sainmhíniú soiléir a thabhairt ar a raon feidhme agus ar a fhad. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí a áireamh sa phróiseas sin athbhreithniú ar an Treoir atá ann cheana maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, go háirithe i ndáil le socruithe intuairiscithe trasteorann, agus ar an Treoir lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ina theannta sin, ba cheart athbhreithniú ar *acquis* cánachais an Aontais ina iomláine, lena n-áirítear cánachas neamhdhíreach, a chumhdach leis freisin.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear prionsabail an tsimplithe agus na díthranglála i bhfeidhm agus tograí reachtacha a bheidh ann amach anseo á gcur le chéile agus rannpháirtíocht na mBallstát a mhéadú agus an cleachtadh sin á dhéanamh acu. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chéimeanna breise chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun tacú le rialacha cánach an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí, mar shampla trí threoirlínte a fhorbairt trí phróiseas atá bunaithe ar chomhthoil i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear aon ualach rialála nach bhfuil gá leis isteach agus an reachtaíocht comhaontaithe á trasuí acu agus nuair a bhíonn siad i mbun tograí nua agus tograí reatha a chaibidil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart éifeachtacht na rialacha cánach a chaomhnú agus an t-ualach riaracháin á laghdú agus nár cheart deiseanna a chruthú maidir le calaois cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta oibríochtúil, pragmatach, uaillmhianach a thabhairt isteach, lena n-áirítear amlíne indéanta maidir le simpliú agus díthrangláil i réimse an chánachais agus tuairisciú go rialta don Chomhairle maidir le dul chun cinn an tionscnaimh seo, d'fhonn an tsaincheist sin a choimeád mar mhír rialta ar chlár oibre na nUachtaránachtaí a bheidh ar an gComhairle amach anseo. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil tosaigh a chur ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear treochlár don obair atá beartaithe ar chlár oibre an tsimplithe agus na díthrangláła cánach sula mbeidh deireadh leis an tríú ráithe de 2025 agus dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an tuarascáil sin.

15. AITHNÍONN SÍ le tionscnamh chomh tábhachtach sin go n-éilítear cur chuige fadtéarmach, struchtúrtha, comhleanúnach, lena n-éilítear comhar idir an Coimisiún, an Chomhairle, na húdaráis náisiúnta agus na geallsealbhóirí. IARRANN SÍ ar na hUachtaránachtaí a bheidh ar an gComhairle amach anseo an dul chun cinn atá déanta maidir le simpliú agus díthrangláil a bheith mar mhír plé i gcruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) agus í a léiriú sa tuarascáil ó ECOFIN chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach, lena n-áirítear liosta de bhearta nithiúla a bheidh á bplé.